



Cé sinn

Tá Eurojust, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil, ina mhol uathúil atá lonnaithe sa Háig, an Ísiltír, áit a n-oibríonn údaráis bhreithiúnacha náisiúnta i ndlúthchomhar chun coireacht thromchúiseach eagraithe trasteorann a chomhrac. **Is é an ról atá ag Eurojust cabhrú leis an Eoraip a dhéanamh ina háit níos sábháilte** trí chomhordú a dhéanamh ar obair na n-údarás náisiúnta – ó na Ballstáit den Aontas agus ó thríú Stáit – le linn dóibh coireacht thrasnáisiúnta a imscrúdú agus na daoine atá freagrach aisti a ionchúiseamh.

Tugann gach Ballstát rannpháirteach den Aontas Comhalta Náisiúnta ar iasacht do Eurojust. Tá na Comhaltaí Náisiúnta sin ina gcuid de Cholaíste Eurojust, atá freagrach as obair oibríochtúil na Gníomhaireachta. Faigheann an Coláiste féin tacaíocht ó Roinn Riaracháin Eurojust, atá comhdhéanta d'anailísithe cáis, de chomhairleoirí dlí agus de shaineolaithe sonraí, i measc daoine eile. Tugtar in áitreabh saintógtha na Gníomhaireachta saoráidí slána cruinnithe ina n-éascaítear ateangaireacht

go gach teanga de chuid an Aontais agus ina bhfuil seomra cruinnithe a forbraíodh go sonrach le haghaidh lárionaid chomhordúcháin ónar féidir faireachán agus comhordú a dhéanamh ar laethanta comhghníomhaíochta i bhfíor-am.



D'fhorbair Eurojust **gréasán comhtháite idirnáisiúnta** lena dtugtar rochtain ar níos mó ná 50 dlínse ar fud an domhain d'ionchúisitheoirí ó gach cuid den Aontas. Shínigh an Gníomhaireacht comhaontuithe comhair le dosaen stát nach Ballstáit den Aontas iad, ar thug roinnt díobh Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh ar iasacht do Eurojust chun obair ar chásanna i gcomhar lena macasamhlacha sa Cholaíste. Oibríonn Eurojust i ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí agus comhpháirtithe eile de chuid an Aontais a thacaíonn leis na céimeanna éagsúla den slabhra ceartais choiriúil, lena n-áirítear comhlachtaí forfheidhmithe dlí agus comhlachtaí frithchalaíse.

An obair a dhéanaimid

Cuireann Eurojust tacaíocht oibríochtúil shaincheaptha ar fáil le linn na gcéimeanna difriúla d'imscrúduithe coiriúla trasteorann, agus é ag soláthar na nithe seo a leanas:

- ▶ freagairtí prasa;
- ▶ buanseirbhís comhordúcháin, a bhíonn ar fáil 24 huair sa lá, seacht lá sa tseachtain;
- ▶ naisc le macasamhlacha tábhachtacha; agus
- ▶ cúnamh maidir le hiarrataí comhair bhreithiúnaigh a ullmhú, lena n-áirítear aistriúcháin oifigiúla.

Ina theannta sin, is féidir le **Eurojust freastal ar chineálacha casta sásraí cúnamh agus comhordúcháin**, ar féidir iad a chomhcheangal de réir mar is gá chun tacú le móroibríochtaí. Is féidir leis an nGníomhaireacht na nithe seo a leanas a dhéanamh, mar

shampla:

- ▶ imscrúduithe comhuaineacha a chomhordú;
- ▶ cruinnithe comhordúcháin a eagrú idir na húdaráis bhreithiúnacha agus na comhlachtaí forfheidhmithe dlí lena mbaineann;
- ▶ comhfhoirne imscrúdaithe a bhunú agus/nó a chistiú, áit a n-oibríonn údaráis bhreithiúnacha agus comhlachtaí forfheidhmithe dlí le chéile ar imscrúduithe coiriúla trasnáisiúnta, bunaithe ar chomhaontú dlíthiúil idir dhá thír nó níos mó; agus
- ▶ laethanta comhghníomhaíochta a phleanáil, ar nithe iad a stiúrtar i bhfíor-am trí lárionaid chomhordúcháin a thionóltar in Eurojust agus ar lena linn is féidir le húdaráis náisiúnta déantóirí coire a ghabháil, grúpaí coireachta eagraithe a dhíchóimeáil agus sócmhainní a urghabháil.

In éineacht leis na Ballstáit agus le gréasán fairsing comhpháirtithe idirnáisiúnta, imríonn Eurojust ról tábhachtach maidir leis an Eoraip a dhéanamh níos sábháilte agus maidir le ceartas a áirithiú dá saoránaigh.

Eurojust thar na blianta


Ba ag cruinniú na Comhairle Eorpaí in Tampere, an Fhionlainn, sa bhliain 1999 a rinne cinn stáit agus rialtais na hEorpa plé den chéad uair riamh ar phleananna le haghaidh comhlacht breithiúnach a chruthú ar mhaithe le comhar a neartú idir údaráis náisiúnta sa chomhrac in aghaidh coireacht thromchúiseach eagraithe trasteorann. Chuir aonad sealadach comhair bhreithiúnaigh ar ar tugadh Pro-Eurojust tús lena chuid oibríochtaí sa Bhruiséil i mí an Mhárta 2001. Mar gheall ar na hionsaithe sceimhlitheoireachta sna Stáit Aontaithe ar 9/11, ba léir go mbeadh gá ann le comhar idirnáisiúnta a mhéadú. Chuir na heachtraí sin dlús le Eurojust a fhorbairt, rud a bunaíodh go foirmiúil mar Aonad um Chomhar Breithiúnach san Aontas leis an gCinneadh ón gComhairle an 28 Feabhra 2002. Athlonnaíodh Eurojust chun na Háige sa bhliain 2003.

Tháinig athrú mór ar Eurojust ó bunaíodh ar dtús é. Tháinig athrú ar chineál agus raon feidhme a chuid oibre freisin. A bhfuil leis an gcinneadh a rinne an Chomhairle sa bhliain 2008 an Gníomhaireacht a neartú, cuireadh leis an gcumas oibríochtúil atá ag Eurojust agus éascaíodh comhar idir Eurojust agus údaráis náisiúnta, comhpháirtithe eile agus tríú Stáit. I gConradh Liospóin, a tháinig i bhfeidhm sa bhliain 2009, rinneadh tagairt shonrach do Eurojust agus sainíodh an misean atá aige mar a leanas: ‘tacú agus treisiú leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir na húdaráis náisiúnta

imscrúdúcháin agus ionchúisimh i ndáil le coireacht thromchúiseach a dhéanann difear do dhá Bhallstát nó níos mó’.


Sa bhliain 2017, bhog Eurojust isteach ina áitreabh nua, ar saoráid shaintógtha é atá suite i gcroílár Chrios Idirnáisiúnta na Háige. Tá an foirgneamh deartha chun tacú leis an misean atá ag an nGníomhaireacht comhar breithiúnach a fhorbairt agus a fheabhsú. Tá seomra oibríochtúil tiomnaithe ann ina bhfuil saoráidí le haghaidh faisnéis a mhalartú agus le haghaidh straitéisí a shainiú le linn comhghníomhaíochtaí iltaobhacha ar mhórsála. Is é atá ar na hurláir is ísle den fhoirgneamh roinnt seomraí cruinnithe príobháideacha a tógadh chun díospóireachtaí rúnda a éascú idir na comhaltaí de na Deasca Náisiúnta agus cleachtóirí seachtracha. Tá córais shlána úrscothacha TF agus saoráidí le haghaidh ateangaireacht chomhuaineach ar fáil sna seomraí.

Tháinig an Rialachán maidir le Eurojust i bhfeidhm an 12 Nollaig 2019. Réitíodh leis an Rialachán an bealach le haghaidh céim nua i bhforbairt Eurojust, agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil á déanamh de. Tugadh struchtúr athbhreithnithe rialachais, beartas athbhreithnithe caidrimh sheachtraigh agus córas athbhreithnithe cosanta sonraí isteach le bunús dlí nua na Gníomhaireachta.



Ar deiseal ón mbarr: Cruinniú na Comhairle Eorpaí in Tampere, an Fhionlainn, sa bhliain 1999 (© Comhairle an Aontais Eorpaigh), foirgneamh Eurojust sa Háig (© Corné Bastiaansen), seomra comhdhála agus seomra oibríochtúil

Roinnt eachtraí tábhachtacha



An leagan amach atá ar Eurojust

Is é atá i struchtúr eagrúcháin Eurojust an Coláiste, an Bord Feidhmiúcháin agus an Roinn Riaracháin.

Tá an **Coláiste** freagrach as oibriú na Gníomhaireachta agus cuimsíonn sé Comhalta Náisiúnta amháin ó gach Ballstát rannpháirteach den Aontas. Bíonn ionadaí ón gCoimisiún Eorpach ina chomhalta den Choláiste freisin nuair a ghníomhaíonn an Coláiste in ábhair neamhoibríochtúla. Tá an Coláiste faoi mhaoirseacht ag Uachtarán agus ag beirt Leas-Uachtarán Eurojust, a dtoghtar gach duine díobh ar feadh téarma oifige ceithre bliana, faoi réir dhá théarma ar a mhéad.

Stiúránn na Comhaltaí Náisiúnta a nDeasca Náisiúnta, le tacaíocht ó Ionadaithe agus ó Chúntóirí a dtarmlichtear iad óna dtír faoi seach. Is iad na Desca na príomhphointí teagmhála le haghaidh ionchúisitheoirí agus breithiúna imscrúdaithe nuair a theastaíonn cúnamh uathu in imscrúdú coiriúil ar leith.

Cabhraíonn an **Bord Feidhmiúcháin** leis an gColáiste a fheidhmeanna bainistíochta a chur i gcrích. Cuimsíonn an Bord an tUachtarán, an bheirt Leas-Uachtarán, ionadaí ón gCoimisiún Eorpach agus beirt chomhaltaí eile den

Choláiste, a ghníomhaíonn faoi chóras uainíochta dhá bhliain.

Laistigh den **Roinn Riaracháin**, gníomhaíonn an Stiúrthóir Riaracháin mar ionadaí dlíthiúil do Eurojust agus mar bhainisteoir dó chun críocha riaracháin. Tá an Stiúrthóir Riaracháin freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar riarachán laethúil, as baill foirne a bhainistiú agus as tacaíocht riaracháin a thabhairt chun obair oibríochtúil Eurojust a éascú.

Ról óstála

Óstálann Eurojust ceithre ghréasán, is iad sin: Rúnaíocht an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh, Rúnaíocht an Ghréasáin Chinedhíot haithe, Rúnaíocht an Ghréasáin Chomhfhoirne Imscrúdaithe, agus an Gréasán Breithiúnach Eorpach um Chibearchoireacht. Cuimsíonn na gréasáin Pointí Teagmhála náisiúnta nó saineolaithe náisiúnta a éascaíonn comhar breithiúnach, malartú faisnéise agus obair na gcleachtóirí sna Ballstáit.

Coireanna tosaíochta

Oibríonn Eurojust le húdaráis náisiúnta chun dul i ngleic le raon leathan coireanna tromchúiseacha agus casta trasteorann lena mbaineann dhá thír nó níos mó. Stiúránn an Gníomhaireacht an fhreagairt bhreithiúnach do bhagairtí méadaitheacha san Eoraip, rud a chumasaíonn do na Ballstáit fanacht céim amháin chun tosaigh ar choirpigh, agus iad ag díriú go príomha ar ghrúpaí coireachta eagraithe. Is minic a bhaineann níos mó ná cineál coire amháin leis na cásanna a thugtar os comhair Eurojust.

Airítear iad seo a leanas leis na cineálacha coireanna tosaíochta:

- ▶ Sceimhlitheoireacht
- ▶ Cibearchoireacht
- ▶ Gáinneáil ar dhaoine
- ▶ Gáinneáil ar dhrugaí
- ▶ Coireanna in aghaidh leasanna airgeadais an Aontais
- ▶ Smuigleáil imirceach
- ▶ Coireacht chomhshaoil
- ▶ Sciúradh airgid
- ▶ Caimiléireacht agus calaois

Líne ama chás Eurojust



CÁS A OSCAILT

Féadfar cás Eurojust a thionscnamh ar na bealaí seo a leanas ...



Údarás náisiúnta

Iarraidh ar chúnamh lena n-imscrúduithe/lena n-ionchúisimh a fháil ó údaráis inniúla sna Ballstáit



OIPE (a luaithe a bheidh sé i mbun feidhme)

Ar iarraidh a fháil ó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh laistigh de theorainneacha a hinniúlachta



Cásanna féinthionscnaimh

Bunaithe ar fhaisnéis a fhaightear ó na comhlachtaí seo a leanas:

- ✓ Gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais (e.g. Europol, FRONTEX)
- ✓ An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)
- ✓ OIPE
- ✓ Údaráis náisiúnta (e.g. malartú faisnéise ar sceimhlitheoireacht, fógraí faoi Airteagal 21 EJR, etc.)

Cás a thabhairt os comhair Eurojust

Is le dhá Bhallstát nó níos mó den Aontas nó le Ballstát agus Stát nach Ballstát den Aontas é a bhaineann na cásanna a thugtar os comhair Eurojust. Uaireanta, baineann na cásanna le coireanna a rinneadh i mBallstát amháin agus a bhfuil frithiarmhairtí acu lasmuigh den Bhallstát sin. Cuireann Eurojust an taithí agus an saineolas ollmhór atá aige ar chomhar breithiúnach ar fáil do na Ballstáit, lena n-áirítear an raon uirlisí atá i bhfeidhm aige chun déileáil le fadhbanna amhail coinbhleachtaí dlínse, eiseachadadh, inghlacthacht fianaise, agus reo agus aisghabháil sócmhainní. Ós rud é go bhfreastalaíonn Eurojust ar údaráis ó na Ballstáit uile agus ó thríú Stáit éagsúla, is féidir leis freagairt go tapa d'iarrataí, agus é ag cabhrú le cás a réiteach laistigh de chúpla uair an chloig ó am go ham.

Má chinneann Comhalta Náisiúnta cás a chur isteach lena chlárú in Eurojust, tiocfaidh an Coláiste le chéile chun a chinneadh cé na Comhaltaí Náisiúnta de Eurojust ar cheart dóibh baint a bheith acu leis an gcás. Tá an Comhalta Náisiúnta (nó a Ionadaithe agus a Chúntóirí) fós i gceannas ar an gcás agus is féidir le Eurojust comhairle agus cúnamh a thabhairt maidir le hionstraimí agus uirlisí breithiúnacha Eorpacha a chomhordú agus a chur i bhfeidhm.

A luaithe a osclófar cás in Eurojust, is féidir cruinniú a eagrú chun tacú le malartú faisnéise i measc na dtíortha lena mbaineann, chun saincheisteanna dlíthiúla ábhartha a phlé agus chun comhairle a thabhairt do na húdaráis náisiúnta faoi seach ar na chéad chéimeanna eile (féach *Líne ama chás Eurojust* chun a fháil amach cén dóigh a dtagann cásanna aníos).

Teastaíonn gníomhaíocht chuimsitheach



IMSCRÚDITHE COMHORDAITHE AGUS IONCHÚISIMH CHOMHORDAITHE

Déanann na páirtithe lena mbaineann plé ar an gcás agus samhlaíonn siad sraith gníomhaíochtaí comhordaithe



Déantar anailís ar fhaisnéis

- ✓ Sonraí a chrosmheaitseáil
- ✓ Naisc a shainaithint le himscrúduithe eile
- ✓ Dlúthchomhar le Europol

CRUINNITHE COMHORDÚCHÁIN

Cruinnithe le húdaráis náisiúnta (na breithiúna agus comhlachtaí forfheidhmithe dlí) chun an bealach chun cinn a réiteach

LÁRIONAD COMHORDÚCHÁIN

Tacaíonn Eurojust le lá gníomhaíochta comhordaithe i gcásanna casta trasteorann



Déantar plé ar ionstraimí comhair bhreithiúnaigh

- ✓ Barántas Gabhála Eorpach
- ✓ Ordú Imscrúdaithe Eorpach
- ✓ Iarraidh ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach
- ✓ Ordú reo/coigistithe



Tugtar aghaidh ar shaincheisteanna le haghaidh comhair

- ✓ Coinbhleachtaí dlínse
- ✓ Imeachtaí comhuaineacha
- ✓ Aistriú imeachtaí
- ✓ Inghlacthacht fianaise
- ✓ Comhar le tríú Stáit



COMHFHOIREANN IMSCRÚDAITHE

Tugann Eurojust tacaíocht dhlíthiúil, phraiticiúil agus airgeadais

Is féidir an iarraidh a réiteach go tapa



MEARFHREAGAIRT

Déanann na páirtithe lena mbaineann plé ar ghníomhaíocht phráinneach agus comhaontaíonn siad í

DÚNADH CHÁS EUROJUST

Téann údaráis náisiúnta ar aghaidh lena n-imscrúdú/lena n-ionchúisimh

Is féidir tuilleadh iarrataí a tharchur chuig Eurojust (e.g. tacaíocht le linn chéim na trialach)

Príomhuirlisí imscrúdaithe

Tugann Eurojust cúnamh i raon leathan imscrúduithe. Tá gach cás difriúil agus teastaíonn cur chuige ar leith ina thaobh. I bhformhór na gcásanna, ní mór d'ionchúisitheoirí gníomhú láithreach chun amhrastaigh a aimsiú agus a ghabháil. I gcásanna den sórt sin, is féidir le húdaráis náisiúnta a bheith ag brath ar bhuanseirbhísí uathúla Eurojust, lena gcabhraítear, mar shampla, le Barántas Gabhála Eorpach nó ordú reo a áirithiú go tapa nó le fianaise a bhailiú trí Ordú Imscrúdaithe Eorpach a úsáid. I gcásanna eile, tógtar an t-imscrúdú go mall agus go córasach thar roinnt míonna, nó thar roinnt blianta, fiú, ar lena linn a dhéantar pleanáil chúramach, comhordú cúramach agus plé cúramach agus ar ina leith a imríonn Eurojust ról comhordúcháin. Is iad **comhfhóirne imscrúdaithe, uirlisí comhair bhreithiúnaigh an Aontais, cruinnithe comhordúcháin agus lárionaid chomhordúcháin** na ceithre phríomh-mhodh tacaíochta a sholáthraíonn Eurojust.

Comhfhóirne imscrúdaithe

Tá comhfhóirne imscrúdaithe ar an uirlis is mó forbairt i réimse an chomhair idirnáisiúnta in ábhair choiriúla. Is fóirne iad ina n-oibríonn breithiúna, ionchúisitheoirí agus oifigigh forfheidhmithe dlí le chéile ar imscrúduithe choiriúla trasnáisiúnta, bunaithe ar chomhaontú dlíthiúil idir dhá thír nó níos mó ar feadh tréimhse shocraithe. Tá Eurojust ag tabhairt cúnamh do thíortha comhfhóirne imscrúdaithe a bhunú agus a oibriú ón mbliain 2009 amach. Óstálann an Gníomhaireacht cruinnithe le comhaltaí de chomhfhóirne imscrúdaithe, agus seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta á soláthar iontu go minic. Rud chomh tábhachtach céanna is ea gur féidir le Eurojust tacaíocht airgeadais agus lóistíochta a thabhairt do chomhfhóirne imscrúdaithe chun an t-ualach ar bhuiseid náisiúnta a mhaolú le linn cásanna trasnáisiúnta.

Tacaíonn Eurojust le comhfhóirne imscrúdaithe ar na bealaí seo a leanas:

- ▶ measúnú a dhéanamh ar a oiriúnaí atá cás do chomhfhóirneann imscrúdaithe a bhunú;
- ▶ cabhrú leis an gcomhaontú comhfhóirne imscrúdaithe a dhréachtú;
- ▶ tacaíocht dhlíthiúil agus phraiticiúil a thabhairt ar feadh shaolré na comhfhóirne imscrúdaithe, lena n-áirítear tacaíocht do chomhoibríochtaí (lárionaid chomhordúcháin);
- ▶ straitéisí imscrúdaithe agus ionchúisimh a chomhordú; agus
- ▶ tacaíocht airgeadais agus lóistíochta a thabhairt le haghaidh taistil, le haghaidh ateangaireachta, le haghaidh fianaise a aistriú agus le haghaidh trealamh a fháil ar iasacht.

Cúnamh maidir le huirlisí comhair bhreithiúnaigh an Aontais a úsáid



Éascaítear comhar i gcásanna trasteorann go mór le hionstraimí amhail an Barántas Gabhála Eorpach agus an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach. Ar mhaithe leis an gcuid is fearr a bhaint as na huirlisí sin, áfach, ní mór d'údaráis náisiúnta bheith in ann teagmháil a dhéanamh lena chéile go tapa agus cumarsáid a dhéanamh lena chéile go soiléir i dteangacha difriúla agus thar dhlínsí difriúla. Agus é ag gníomhú i gcáil comhordúcháin, cumasaíonn Eurojust do na Stáit rannpháirteacha an méid sin a dhéanamh.

Cad is Barántas Gabhála Eorpach ann?

Úsáidtear an Barántas Gabhála Eorpach, atá bailí ar fud na mBallstát uile den Aontas, chun daoine faoi amhras coiriúil nó daoine faoi phianbhreith a ghabháil agus a thabhairt suas chuig an stát eisiúna ionas gur féidir iad a chur faoi ionchúiseamh coiriúil nó tréimhse phríosúnachta a ghealladh orthu. Imríonn Eurojust ról lárnach maidir le cur i bhfeidhm an Bharántais Ghabhála Eorpaigh a fheabhsú, lena n-áirítear maidir le bacainní dlíthiúla agus praiticiúla a sháru. Is féidir le Eurojust tarchur agus cur i ngníomh tráthúil Barántas Gabhála Eorpach a éascú, Barántais Ghabhála Eorpacha atá ag teacht salach ar a chéile a chomhordú agus comhairle a thabhairt ina leith, cúnamh a thabhairt i saincheisteanna a bhaineann le tabhairt suas, soiléiriú a thabhairt ar na difríochtaí atá ann sa reachtaíocht náisiúnta i ndáil le Barántais Ghabhála Eorpacha, agus cabhrú le húdaráis náisiúnta a lán fadhbanna eile a sháru.

Cad is Ordú Imscrúdaithe Eorpach ann?

Bunaítear leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach próiseas soiléir le haghaidh comhair idir údaráis bhreithiúnacha i mBallstáit dhifriúla le haghaidh fianaise a bhailiú agus a chaomhnú, e.g. cuardaigh a dhéanamh, éisteachtaí ina bhfaightear faisnéis bhaincéireachta agus airgeadais, cumarsáidí a idircheapadh agus daoine a choinnítear faoi choimeád a aistriú go sealadach. Is féidir le Eurojust cabhrú le saincheisteanna a bhaineann leis na ceithre phríomhchéim de shaolré Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh (céim na heisiúna, céim an tarchuir, céim na haitheanta agus céim an fhorghníomhaithe). Chomh maith leis sin, is féidir leis an nGníomhaireacht comhairle a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le raon feidhme na Treorach maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach agus ar shaincheisteanna a bhaineann le húsáid an Ordaithe, de réir mar a bhaineann sé sin le hionstraimí dlí eile atá ann cheana, leis na húdaráis inniúla lena mbaineann, le hábhar, foirm agus teanga an Ordaithe agus le roinnt beart imscrúdaitheach sonrach a úsáid.

“ Ós rud é go mbíonn ag méadú ar an gcoireacht trasteorann, bíonn Eurojust ag fáil tuilleadh iarrataí i gcónaí cúnamh a thabhairt i gcásanna casta móra. Tagann méadú ar na gníomhaíochtaí idirnáisiúnta a dhéanann na breithiúna dá bharr sin, ar gníomhaíochtaí iad nach mór dúinn a chomhordú i bhfíor-am. Trí lárionad comhordúcháin a bhunú in Eurojust, is féidir linn cabhair a thabhairt láithreach agus a áirithiú go ndéantar gníomhaíochtaí ag an aon am amháin agus go dtéann siad chun tairbhe do na breithiúna agus do na póilíní i ngach tír rannpháirteach. Ní bheadh aon ghníomhaíochtaí a dhéanfadh na Ballstáit agus tríú Stáit leo féin chomh héifeachtach céanna. ”

– Ladislav Hamran, Uachtarán Eurojust –

Cruinnithe comhordúcháin



Uirlis oibríochtúil a úsáideann Eurojust go minic is ea cruinnithe comhordúcháin, áit a dtugtar le chéile údaráis bhreithiúnacha agus comhlachtaí forfheidhmithe dlí ó na Ballstáit agus, i gcásanna áirithe, ó thríú Stáit. Déanann na rannpháirtithe **faisnéis a mhalartú agus saincheisteanna dlíthiúla a réiteach**, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le coibhreachtaí dlínse agus le haistriú imeachtaí. Is féidir leo teacht ar chomhaontú freisin ar na chéad chéimeanna eile den imscrúdú, laethanta gníomhaíochta a phleanáil agus plé a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann comhfhoireann imscrúdaithe a bhunú.

Imríonn Eurojust ról comhordúcháin ag na cruinnithe sin. Tá foireann thiomanta oifigeach comhair bhreithiúnaigh i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht, a fhéadann comhairle dlí, anailís agus cúnamh oibríochtúil a sholáthar.

Soláthraíonn Eurojust saoráidí do rannpháirtithe ar cuairt freisin, mar aon le costais chóiríochta agus taistil a chúiteamh leo. Bíonn seirbhísí ateangaireachta comhuainí ar fáil ar fud an chruinnithe comhordúcháin, fiú amháin i gcás gur trí fhíschomhdháil a thionóltar an cruinniú.



Lárionaid comhordúcháin



Cuireann Eurojust uirlis uathúil – an lárionad comhordúcháin – ar fáil chun tacú le hoibríochtaí ar mhórsála atá dírithe ar an gcoiriúlacht trasteorann a chomhrac. Ceann de na tosca ratha tábhachtacha atá taobh thiar de na gníomhaíochtaí sin is ea an cumas chun **bearta a dhéanamh go comhuaineach**, amhail daoine a ghabháil, cuardaigh a dhéanamh, fianaise a urghabháil, amhrastaigh (fhéideartha) agus finnéithe a chur faoi agallamh agus sócmhainní a reo. Is minic a dhéantar na laethanta gníomhaíochta sin i roinnt Ballstát ag an aon am amháin, rud a chuireann cosc ar choirpigh rabhadh a thabhairt dá ngréasáin.

Le linn lá gníomhaíochta, bíonn rochtain ag rannpháirtithe sa lárionad comhordúcháin ar línte slána tiomnaithe cumarsáide. Bunaithe ar an bhfaisnéis a fhaightear ó na húdaráis lena mbaineann, déanann an lárionad comhordúcháin cumarsáid thráthrialta maidir le dul chun cinn na n-oibríochtaí ar an talamh.

Cumasaítear leis an bhfaisnéis sin do na húdaráis lena mbaineann a straitéisí a oiriúnú ar an láthair ionas gur féidir leo freagairt do staideanna a bhíonn ag athrú. Mar shampla, is féidir go mbeidh Ordú Imscrúdaithe Eorpach eile ag teastáil chun cuardach a dhéanamh ar sheoladh nár tháinig chun solais ach amháin le linn na gníomhaíochta. Ní mór do rannpháirtithe bheith ullamh d'eachtraí gan choinne agus ní mór dóibh bheith in ann freagairt go tapa dóibh.

I mí Mheán Fómhair 2019, thionóil Eurojust an 100ú lárionad comhordúcháin dá chuid. Tá an chloch mhíle sin, agus na torthaí a baineadh amach thar na blianta trína lárionaid comhordúcháin, mar fhianaise ar a éifeachtaí atá an uirlis sin agus ar an ról méadaitheach atá aici i réimse an chomhair bhreithiúnaigh.

Ag obair dóibh mar fhoireann i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta, cabhraíonn Deasca Náisiúnta agus foireann thiomanta anailísithe agus comhairleoirí Eurojust leis na dálaí cearta a chur i bhfeidhm le haghaidh comhordú a dhéanamh ar oibríochtaí casta trasteorann a bhíonn ag athrú go tapa.



Lárionaid chomhordúcháin i mbun gníomhaíochta

Tionóladh an chéad lárionad comhordúcháin de chuid Eurojust i mí Feabhra 2011 agus bhain sé le deireadh a chur le smuigleáil imirceach a bhí ar bun ag gréasán coiriúil a bhí gníomhach i sé thíir. Iarradh ar Eurojust iarrataí ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach a éascú do na Ballstáit a bhí i gceist agus comhordú a dhéanamh ar na himscrúduithe agus na hionchúisimh a bhí ar siúl agus ar ghníomhaíochtaí comhuaineacha a bhí á ndéanamh in aghaidh an ghrúpa coireachta eagraithe sna cúig thíir eile. Thug Eurojust cúnamh sna hullmhúcháin fhairsinge, lena áiríodh cruinniú comhordúcháin a eagrú chun straitéis a chomhaontú le haghaidh gníomhaíochtaí comhuaineacha a dhéanamh i seacht gcathair, agus bunaíodh lárionad comhordúcháin

ina dhiaidh sin. Gabhadh cúig éascaitheoir amhrasta coireachta is tríocha agus idircheapadh 38 n-inimirceach.

I mí Mheán Fómhair 2019, tionóladh an 100ú lárionad comhordúcháin in Eurojust, áit ar cuireadh imscrúdú casta teicniúil i gcrích ar ghrúpa coireachta eagraithe a bhí ag gabháil d'ollchalaíoch teilifíse íoctha agus do shárúithe mórsála ar chóipcheart closamhairc. Bhí sé thíir páirteach sa lá gníomhaíochta sin. Sainaithníodh dhá amhrastach is fiche agus tógadh breis agus 200 freastalaí as líne. Ag teacht sna sála ar an toradh rathúil ar an lárionad comhordúcháin, tionóladh comhdháil nuachta in Eurojust.



Cásanna samplacha



EncroChat (2020) Ag gníomhú dóibh mar chomhfhoireann imscrúdaithe, d'éirigh le húdaráis forfheidhmithe dlí agus bhreithiúnacha na Fraince agus na hÍsiltíre, le Europol agus le Eurojust EncroChat a dhíchóimeáil, ar líonra fón criptithe é a bhí in úsáid fhorleathan ag gréasáin choiriúla. Mar gheall ar an imscrúdú, a mhair roinnt míonna, bhíothas in ann comhroinnt agus anailís a dhéanamh ar na milliúin teachtaireachtaí a malartaíodh idir coirpigh chun coireanna tromchúiseacha a phleanáil. Tá an fhaisnéis sin á húsáid cheana féin i roinnt imscrúduithe coiriúla atá ar siúl faoi láthair agus déanfar tuilleadh anailíse uirthi mar fhoinsé léargais uathúil ar na méideanna fianaise nua gan fasach atá ar fáil chun dul i ngleic go héifeachtach le gréasáin choireachta eagraithe. Rinne Eurojust comhar breithiúnach a éascú go dian tríd an gcomhfhoireann imscrúdaithe a chruthú agus trí úsáid fhairsing a bhaint as ionstraimí Eorpacha comhair bhreithiúnaigh amhail Orduithe Imscrúdaithe Eorpacha, ar eisíodh níos mó ná céad díobh i roinnt tíortha difriúla. Le linn an imscrúdaithe, d'eagraigh na comhaltaí den chomhfhoireann imscrúdaithe cúig chruinniú comhordúcháin in Eurojust chun na páirtithe uile a bhí i gceist a thabhairt le chéile i dtimpeallacht shlán, chun imscrúduithe comhuaineacha nó nasctha a shainaithint, chun teacht ar an gcreat is oiriúnaí le haghaidh comhair agus chun coinbhleachtaí féideartha dlínse a réiteach.



Gabháil chomhordaithe daoine a raibh drochamhras ann go raibh siad ina mbaill de ghréasán smuigleála imirceach (2020) Mar thoradh ar imscrúdú trasteorann ar thacaigh Eurojust agus Europol leis, ghabh údaráis na Beilge agus na Fraince 26 dhuine a raibh drochamhras ann go raibh siad ina mbaill de mhórghrúpa smuigleála imirceach a bhí ag gabháil do dhídeanaíthe a iompar go príomha ón Áise. Ag teacht sna sala ar 39 náisiúnach Vítneamacha éagtha a aimsiú laistigh de leantóir cuisniúcháin in Essex sa Ríocht Aontaithe i mí Dheireadh Fómhair 2019, cruthaíodh comhfhoireann imscrúdaithe idir an Bheilg, Éire, an Fhrainc, an Ríocht Aontaithe, Eurojust agus Europol. Tá údaráis bhreithiúnacha agus phóilíneachta ag obair i ndlúthchomhar lena chéile laistigh den chomhfhoireann imscrúdaithe ó shin i leith chun gníomhaíocht líomhnaithe an ghrúpa coireachta eagraithe a léarscáiliú agus chun teacht ar aon trasnaisc atá ann le himscrúduithe réigiúnacha agus áitiúla atá ar siúl faoi láthair ar ghníomhaíocht smuigleála imirceach. Thacaigh Eurojust leis an gcomhfhoireann imscrúdaithe, le sé chruinniú comhordúcháin a bhí sainiúil don chás agus le lárionad comhordúcháin a eagrú ar an lá gníomhaíochta, agus comhordú fíor-ama na hoibríochta á chumasú aige.



Mearghabháil targaide ardphróifíle ón Stát Ioslamach (2019) Mar thoradh ar an gcomhordú a rinne Eurojust ar mhear-idirghabháil a rinne údaráis na hUngáire agus na Beilge, gabhadh sceimhlitheoir eachtrach a bhí ag filleadh ar ais agus a raibh drochamhras ann go raibh baint ghníomhach aige le 20 duine a mharú sa tSiria. Ba é an toradh a bhí ar dhoiciméid rithábachtacha a mhalartú agus ar fhaisnéis a aistriú agus a chomhroinnt idir an Ungáir agus an Bheilg trí Eurojust 24 huair sa lá, 7 lá sa tseachtain gur coimeádadh an fear ar amhras go ndearna sé cionta sceimhlitheoireachta.



Oibríocht Pollino (2018) Tá Oibríocht Pollino ar an gcníogbheartaíocht chomhordaithe is mó ar mhaifia 'Ndrangheta' san Eoraip go dtí seo. Mhair an t-imscrúdú tréimhse ceithre bliana. Chomhthiomsaigh na húdaráis náisiúnta a gcuid eolais ar fad ar mhaithe le teacht ar chomhstraitéis le haghaidh déileáil leis na gníomhaíochtaí coiriúla casta a bhí i gceist. Agus faireachán á dhéanamh orthu i bhfíor-ama ó lárionad comhordúcháin in Eurojust, ba é an toradh a bhí ar ghníomhaíochtaí sioncrónaithe a rinne na céadta póilín gur braitheadh beagnach 4 000 kg de chócaon agus méideanna móra de dhrugaí eile, gur urghabhadh EUR 2 mhilliún agus gur gabhadh 84 dhuine.

Rochtain a thabhairt ar dhlínsí ar fud an domhain

Trasnaíonn coirpigh teorainneacha inmheánacha an Aontais agus teorainneacha seachtracha an Aontais araon. Bíonn ag méadú go seasta ar an éileamh ar thacaíocht oibríochtúil chun dul i ngleic le coireanna tromchúiseacha trasteorann freisin, agus an t-ualach cásanna ó thíortha nach tíortha den Aontas iad ag méadú faoi níos mó ná 20 % gach bliain. Dá bhrí sin, baineann ríthábhacht le dlúthchomhar le tríú Stáit maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshlán a bhaineann leis na coireanna is casta a eascraíonn as an domhandú agus as an digitiú, go háirithe i réimse na himirce neamhdhleathaí, na gáinneála agus na frithsceimhlitheoireachta.

Agus comhar breithiúnach trasteorann á éascú aige, imríonn Eurojust ról lárnach maidir le buanchaidreamh éifeachtach oibre a chur chun cinn idir údaráis náisiúnta sna Ballstáit agus i dtríú tíortha. Tugtar rochtain ar dhlínsí coiriúla ar fud an domhain a bhuí leis na comhaontuithe comhair atá ar bun ag an nGníomhaireacht agus leis an mbreis agus 50 Pointe Teagmhála atá aici.

Tá comhaontuithe comhair ar an gcineál comhair is mó forbairt le tríú Stáit. Cumasaítear leo faisnéis oibríochtúil, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a mhalartú go córasach, rud a theastaíonn ó údaráis náisiúnta chun gur féidir leo coirpigh a ionchúiseamh go rathúil nuair a bhíonn

Stáit nach Stáit den Aontas iad i gceist. Shínigh Eurojust 12 chomhaontú comhair le tríú Stáit, ar thug ocht gcinn díobh Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh ar iasacht do Eurojust. Oibríonn Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh taobh le taobh lena gcomhghleacaithe ó na Ballstáit agus bíonn rochtain iomlán acu ar uirlisí oibríochtúla na Gníomhaireachta. Bunathraíodh beartas caidrimh sheachtraigh Eurojust tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Eurojust i mí na Nollag 2019. Oibríonn an Gníomhaireacht i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach anois chun straitéisí ceithre bliana a fhorbairt ar mhaithe lena tionchar idirnáisiúnta a bhreisiú.

Coinníonn an Gníomhaireacht i ndlúth-theagmháil le gníomhaithe tábhachtacha i struchtúr institiúideach an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an Coimisiún, meithleacha ábhartha de chuid na Comhairle, an coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile i bParlaimint na hEorpa agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí. Chomh maith leis sin, oibríonn Eurojust i gcomhar le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais a thacaíonn leis na céimeanna éagsúla den slabhra ceartais choiriúil, lena n-áirítear Europol, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, an Gréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach agus Frontex.







Eurojust, Johan de Wittlaan 9, 2517 JR An Háig, An Ísiltír
Fón: +31 70 412 5000 - Ríomhphost: info@eurojust.europa.eu - Suíomh Gréasáin: www.eurojust.europa.eu
Lean Eurojust ar Twitter, LinkedIn agus YouTube @Eurojust

PDF: *Uimhir chatalóige* QP-03-20-536-GA-N *ISBN* 978-92-9490-478-2 *DOI* 10.2812/441677

© Eurojust, 2020. *Údaraítear atáirgeadh ar choinníoll go n-aithnítear an fhoinse.*